

Preaseisiúint FRA

Vín, An 5 Meán Fómhair 2018

## **Cigireacht ar láithreacha oibre chun oibrithe a chosaint ó dhúshaothrú tromchúiseach**

**Is minic a bhíonn an chigireacht ar láithreacha oibre easnamhach nó gan éifeacht, rud a thugann deis d'fhostóirí neamhscrupallacha teacht i dtír ar a bhfostaithe, de réir na tuarascála is déanaí ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha. I measc na mbealaí a mholann FRA chun cuidiú le deireadh a chur le dúshaothrú tromchúiseach an lucht oibre tá: an chigireacht a dhéanamh níos doichte chun dul i ngleic le mí-úsáid, agus an chumhacht a thabhairt d'fhostaithe mí-úsáid a thuairisciú.**

*"Níor chóir go mbeadh fostaithe an lae inniu thíos chun leas a bhaint as a gceart chun oibre. Ba chóir an ruaig a chur ar an dúshaothrú tromchúiseach," a deir [Michael O'Flaherty](#), Stiúrthóir FRA. "Tá ról lárnach ag an gcigireacht ar láithreacha oibre chun dúshaothrú a aithint. Chuige seo, caithfidh na Ballstáit an chigireacht a neartú chun breith ar fhostóirí atá ciontach as dúshaothrú, agus chun fostaithe a chosaint ar bhealach níos fearr."*

*"Bhí dhá fhoirm againn. Ar cheann amháin, ní raibh ach 8 n-uaire oibre déanta againn go hoifigiúil. Ar cheann eile, bhí 14 huaire déanta againn," arsa oibrí talmhaíochta Polannach sa Ghearmáin le linn agallaimh. "I gcás cigireachta, bhí orainn an chéad liosta a thaispeáint."*

Sa tuarascáil, '[Oibrithe imirceacha a chosaint ó dhúshaothrú in AE: cigireacht ar láithreacha oibre a neartú](#),' bailíodh cuntais ar a bhfaca siad féin ó bheagnach 250 oibrithe ó thíortha AE agus neamh-AE a ndearnadh dúshaothrú orthu.

I gcás os cionn leath díobh, ní raibh cigireacht ar láithreacha oibre feicthe riamh acu, nó trácht cloiste acu uirthi. Luaigh siad gur cuireadh roinnt mhaith fostóirí ar an eolas faoin gcigireacht roimh ré, rud a thug deis dóibh míchleachtais a cheilt. Bhain seo, dá réir, de mhuintín na n-oibrithe as an gcigireacht.

Chun dul i ngleic leis seo, in earnálacha ina bhfuil an dúshaothrú ar siúl go forleathan, níor cheart d'eagraíochtaí cigireachta é a rá le fostóirí cathain a dhéanfar an chigireacht. Ina theannta sin, ba chóir do Bhallstáit pionós a chur ar fhostóirí a bhfuil iarracht déanta acu dallamullóg a chur ar chigirí.

Ba cheart do Bhallstáit aird ar leith a thabhairt ar na hearnálacha tógála agus bia, earnálacha inar dócha go bhfuil dúshaothrú ar siúl. Ba cheart dóibh bealach a aimsiú chun cigireacht a dhéanamh ar obair tí fosta.

Ba mhó an seans go ndéanfadh oibrithe gearán faoina bhfostóirí nuair a choimeád cigirí iad ar an eolas agus páirteach sa scéal. Mar sin, ba chóir do chigirí timpeallacht shábháilte a chruthú inar féidir le hoibrithe iad féin a chur in iúl go neamhshrianta agus gan baol díoltais. Seans go mbeidh gá freisin bealaí a aimsiú chun constaicí teanga a shárú nuair atáthar ag labhairt le hoibrithe.

Lena chois sin, ba cheart do chigirí deimhin a dhéanamh de go bhfuil an chigireacht dírithe ar chearta oibre agus ar dhálaí oibre seachas ar stádas inimirce na n-oibrithe.

Chun cur le héifeachtacht na cigireachta, ba cheart do Bhallstáit oiliúint a chur ar chigirí chun dúshaothrú a aithint. Is féidir le dhá rud a bheith ina gcuidiú leis seo: aonaid iniúchta speisialaithe laistigh d'eagraíochtaí cigireachta, agus tograí comhpháirteacha leis na póilíní.

Ina theannta sin, ba chóir do Bhallstáit cur le heolas an phobail, agus cabhair a iarraidh ar eagraíochtaí eile (amhail ospidéal agus ceardchumann), chun cásanna a thuairisciú nuair a chreidtear go bhfuil dúshaothrú ar siúl.

Is é seo an dara tuarascáil i sraith tuarascálacha a léiríonn [tuairimí agus eispéireas daoine a ndearnadh dúshaothrú orthu sa láthair oibre](#).

Cuireann sé leis an obair déanta ag FRA roimhe, a labhair le lucht gairme maidir le [dúshaothrú tromchúiseach an lucht oibre](#).

**Le tuilleadh eolais a fháil, féach an [bhileog eolais](#) nó déan teagmháil le:**  
[media@fra.europa.eu](mailto:media@fra.europa.eu) / Teil.: +43 1 580 30